An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Leabhrán Acmhaninní

# Meastóireacht a dhéanamh ar éileamh cognaíoch tascanna matamaitice

JCT Matamaitic


Siompóisiam 2019


Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

| Sprioc chognaíoch | Naisc le Smaointeoireacht |
|---|---|
| **EOLAS**<br>*Cuimhneamh* | Is mó seans go gcoinneoidh scoláirí cuimhne ar fhaisnéis má bhíonn sí ag teastáil le haghaidh tasc ar leith agus nasctha le heolas ábhartha eile. Tugann ceisteanna agus tascanna sa réimse seo deis do scoláirí gnéithe eolais a nascadh. |
| **LÉIRTHUISCINT**<br>*Tuiscint* | Éilíonn ceisteanna agus tascanna léirthuisceana ar scoláirí eolas ata acu cheana a phróiseáil. Éilíonn siad leibhéal níos airde smaointeoireachta agus próiseáil eolais ná a éilíonn ceisteanna agus tascanna eolais. |
| **FEIDHMCHLÁR**<br>*Feidhmiú* | Éilíonn ceisteanna agus tascanna sa réimse seo ar scoláirí an t-eolas agus an tuiscint atá acu cheana a úsáid chun fadhb nua a réiteach nó chun ciall a bhaint as foghlaim nua. Is mó seans go mbeidh scoláirí in ann eolas a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs nua má bhíonn sé nasctha le heispéiris foghlama roimhe seo. |
| **ANAILÍS**<br>*Anailísiú* | Éilíonn ceisteanna agus tascanna anailíse ar scoláirí an méid atá foghlamtha acu cheana a bhriseadh síos agus a chur le chéile arís chun cabhrú leo fadhb a réiteach. Bíonn scoláirí ag plé le smaointeoireacht níos teibí agus níos coincheapúla, rud atá lárnach i bpróiseas na cruthaitheachta. |
| **SINTÉIS**<br>*Meastóireacht* | Éilíonn ceisteanna agus tascanna sintéise go gcónasann agus go roghnaíonn scoláirí óna gcuid foghlama go léir chun freagairt do chomhthéacs nua. Is dócha go mbeidh an-éagsúlacht sna freagraí. |
| **MEASTÓIREACHT**<br>*Réasúnaíocht* | Do cheisteanna agus tascanna meastóireachta b itear ag súil le scoláirí a gcuid eolais a úsáid chun breithiúnas a dhéanamh agus a bheith ábalta na seasaimh a ghlacann siad a chosaint.<br><br>Éilíonn ceisteanna meastóireachta smaointeoireacht agus réasúnaíocht chasta. |

# Obair le Geochláir




Aonad
amháin

# Ceathairshleasáin a Rangú

Chun smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus plé scoláirí a chothú, agus chun dialóg shaibhir a ghiniúint sa seomra ranga, moltar go ndéanann na scoláirí an tasc ina ngrúpa de bheirt nó 4.







Réiting mholta don tasc seo:







- Ba chóir tacar de chártaí geochláir ceathairshleasáin 9 bpionnaí do gach grúpa (16 san iomlán) mar aon le téacs-chártaí (2 chárta le téacs molta agus 2 chárta bhána a thugtar).
- Ba chóir don ghrúpa na cártaí a eagrú bunaithe ar na critéir le haghaidh rangaithe a leagtar amach ar an téacs-chártaí.
- Ar a seal, ba chóir do scoláirí sa ghrúpa cárta a roghnú. Insíonn an scoláire an áit a shíleann siad ar chóir an cárta a c chur bunaithe ar a dtuiscint ar na critéir rangaithe.
- Ní féidir an cárta a chur síos ach amháin nuair a bhíonn comhaontú sa ghrúpa.
- Ní féidir leis an ngrúpa leagan an chárta a chur siar ach dhá uair le linn an taisc agus go díreach tar éis plé a bheith ann faoin áit lena chur. [tá an coinníoll seo ann le cinntiú go mbaineann scoláirí triail as roinnt de na cártaí is dúshlánaí. Is é an múinteoir ranga is fearr a shocróidh cé acu atá an coinníoll sin oiriúnach]
- Ba chóir don mhúinteoir bogadh thart faoin seomra ag bailiú fianaise faoi eolas, tuiscint agus foghlaim scoláirí. Is minic má bhíonn ceistiú cuí ann go bhfaightear léargas níos fearr.


Ón uair amháin atá an tasc déanta, moltar plé iomlánach a bheith ann.  Ba chóir go mbeadh sé sin bunaithe ar an bhfianaise a bhailigh an múinteoir le linn an taisc. Má bhíonn an ceistiú éifeachtach is saibhre a bheas an plé ranga agus foghlaim na scoláirí.


Tá an tasc nasctha leis na torthaí foghlama seo a leanas ó shonraíocht Mhatamaitice na Sraithe Sóisearaí:


- CT2 imscrúdú a dhéanamh ar chruthanna déthoiseacha
- CT3 (b) na coincheapa, na haicsiomaí, na teoirimí, na hatorthaí agus na coinbhéartaí a shonraítear in Céimseata do Mhatamaitic Iar-bhunscoile
- CT5 imscrúdú a dhéanamh ar airíonna pointí, línte agus mírlínte sa phlána comhordanáideach
- CT6 imscrúdú a dhéanamh ar an claocluithe ar nithe simplí
- U5 fiosrú a dhéanamh ar choincheap an tacair
- A4 cás matamaiticiúil a léiriú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear: go huimhriúil, go hailgéabrach, go grafach, go fisiciúil, i bhfocail; agus na léirithe sin a léirmhíniú, a anailísiú agus a chur i gcomparáid lena chéile
- A5 naisc a dhéanamh laistigh de shnáitheanna agus idir snáitheanna
- A13 an mhatamaitic a chur in iúl go héifeachtach: a réasúnaíocht a chosaint, a torthaí a léirmhíniú, a conclúidí a mhíniú, agus teanga agus nodaireacht na matamaitice a úsáid chun smaointe matamaiticiúla a chur in iúl go beacht


















Ceathairshleasáin is féidir a sceitseáil ar gheochlár 9 bpionna le péire amháin línte comhthreomhara ar a laghad


Ceathairshleasáin is féidir a sceitseáil ar gheochlár 9 bpionna le hais amháin siméadrachta ar a laghad

# Tasc Forluí - Comhathrú

Rinneadh an cruth thíos trí dhá chomhthreomharán a fhorluí ar gheochlár 9 bpionna

Breithnigh, agus údar á thabhairt agat, más cearnóg é an cruth a dhéantar tríd an bhforluí





Aonad amháin

# Tasc Forluí - Comhathrú

Rinneadh an cruth thíos trí dhá chomhthreomharán a fhorluí ar gheochlár 9 bpionna

Ríomh achar an fhorluí



# Snáithe Aontach

**Gné: Bloic thógála**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

A.1 na nósanna imeachta agus na coincheapa bunúsacha atá mar bhonn agus taca ag gach snáithe a thabhairt chun cuimhne agus a thuiscint

A.2 na gnásanna a bhaineann le gach snáithe a chur i bhfeidhm go cruinn, go héifeachtach, agus go cuí

A.3 a aithint gurb ionann cothroime agus coibhneas ina bhfuil an luach céanna ag dhá shlonn mhatamaiticiúla

**Gné: Léiriú**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

A.4 cás matamaiticiúil a léiriú ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear: go huimhriúil, go hailgéabrach, go grafach, go fisiciúil, i bhfocail; agus na léirithe sin a léirmhíniú, a anailísiú agus a chur i gcomparáid lena chéile

**Gné: Naisc**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

A.5 naisc a dhéanamh laistigh de shnáitheanna agus idir snáitheanna

A.6 naisc a dhéanamh idir an mhatamaitic agus an fíorshaol

**Gné: Réiteach fadhbanna**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

A.7 ciall a bhaint as fadhb áirithe agus, más gá, plé le cás go matamaiticiúil

A.8 a eolas agus a scileanna a úsáid chun fadhb a réiteach, lena n-áirítear í a bhriseadh síos ina codanna soláimhsithe agus/ nó í a shimpliú trí úsáid a bhaint as foshuíomhanna cuí

A.9 a réiteach ar fhadhb a léirmhíniú i gcomhthéacs na ceiste bunaidh

A.10 measúnú a dhéanamh ar réitigh fhéideartha éagsúla ar fhadhb, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar réasúntacht na réiteach, agus fiosrú a dhéanamh maidir le feabhsúcháin agus/nó srianta féideartha ar na réitigh (más ann)

**Gné: Ginearálú agus cruthúnas**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

A.11 tuairimí nó ráitis mhatamaiticiúla ghinearálta a chruthú bunaithe ar chásanna sonracha

A.12 argóintí agus cruthúnais mhatamaiticiúla a chruthú agus a mheas

**Gné: Cumarsáid**

*Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:*

A.13 an mhatamaitic a chur in iúl go héifeachtach: a réasúnaíocht a chosaint, a torthaí a léirmhíniú, a conclúidí a mhíniú, agus teanga agus nodaireacht na matamaitice a úsáid chun smaointe matamaiticiúla a chur in iúl go beacht